



An Bhruiséil, 18 Samhain 2022
(OR. en)

14828/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0359(COD)**

**CODEC 1757
CYBER 367
TELECOM 463
CSC 526
CSCI 174
DATAPROTECT 317
JAI 1475
MI 828**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 16 Nollaig 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 11 Márta 2021².
3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 27 Aibreán 2021³.
4. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 11 Aibreán 2022⁴.
5. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

¹ 14150/20 + ADD 1 go ADD 6.

² IO L 183, 11.5.2021, lch. 3.

³ IO L 286, 16.7.2021, lch. 170.

⁴ IO L 233, 16.6.2022, lch. 22.

6. An 10 Samhain 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis⁵.
7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 32/22 é, a fhormheas mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.
8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Parlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

⁵ 14617/22.